Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2016
(OR. en)

10005/16

FREMP 108
JAI 551
COHOM 67
DROIPEN 108

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	9 Meitheamh 2016
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8946/16, 9455/16
Ábhar:	Cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha in 2015 = Conclúidí ón gComhairle (9 Meitheamh 2016)

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha, a ghlac an Chomhairle ag an 3454ú cruinniú a bhí aici ar an 9 Meitheamh 2016.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM
NA CAIRTE UM CHEARTA BUNÚSACHA IN 2015

I. RÉAMHRÁ

1. Tugann an Chomhairle dá haire tuarascáil 2015 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá dtagraítear an Chairt freisin) chomh maith le Tuarascáil 2016 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (dá dtagraítear an Ghníomhaireacht freisin).

II. COMHLÍONADH NA CAIRTE A ÁIRITHIÚ AR GACH LEIBHÉAL

Comhlíonadh na Cairte agus feasacht uirthi ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon

2. Meabhraíonn an Chomhairle di an tábhacht a bhaineann le feasacht a ardú, le hoiliúint, agus le dea-chleachtas a chomhroinnt maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus aithníonn sí go gcuireann an Chairt leis na córais náisiúnta chun cearta bunúsacha a chosaint ach nach gcuirtear an Chairt in ionad na gcóras sin. Léiríonn an Chomhairle, sa chomhthéacs sin, an toradh a bhí ar sheimineár na saineolaithe maidir leis an mbeartas náisiúnta i leith chur i bhfeidhm na Cairte, seimineár a d'eagraigh Uachtaránacht na hÍsiltíre ar an gComhairle ar an 19 Feabhra 2016 in Amstardam, ar ar cuireadh ar chumas na rannpháirtithe a dtuairimí a mhalartú maidir leis na dúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm na Cairte agus a ndea-chleachtas ina leith sin a chomhroinnt.

3. Chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach, Iarrann an Chomhairle ar an Meitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (dá dtagraítear FREMP freisin) leanúint d'fhaisnéis a mhalartú, ar bhonn bliantúil, faoi uirlisí, dea-chleachtas agus bealaí chun feasacht a ardú maidir le cur chun feidhme na Cairte ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

An Chairt a chur i bhfeidhm agus feasacht maidir léi ar leibhéal an Aontais

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht[1] níos fearr lena léirítear i gcomhthéacs na measúnuithe tionchair a thábhachtaí atá sé cearta bunúsacha a urramú go hiomlán agus lena gceanglaítear ar an gCoimisiún míniú a thabhairt sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann lena thograí maidir leis an gcaoi a mbeidh na bearta atá beartaithe comhoiriúnach le cearta bunúsacha.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh ionstraimí reachtacha cur isteach ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha agus cur i bhfeidhm comhleanúnach na Cairte a spreagadh i ngach gníomhaíocht reachtach agus meabhraíonn sí a cuid treoirlínte maidir leis na céimeanna modheolaíocha atá le glacadh chun comhoiriúnacht le cearta bunúsacha a sheiceáil i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.[2]

An Chairt a thuiscint, a chur i bhfeidhm agus feasacht maidir léi ar an leibhéal náisiúnta

6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an Chairt a chur i bhfeidhm mar chuid den tacar níos leithne d'acmhainní le haghaidh cearta bunúsacha is infheidhme sa chomhthéacs náisiúnta. Ag aithint di nach bhfuil feidhm ag an gCairt maidir leis na Ballstáit ach amháin nuair a ghníomhaíonn siad faoi raon feidhme dhlí an Aontais,[3] cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá infheidhmeacht na Cairte i gcúinsí aonair a bhunú agus cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá ann do na húdaráis náisiúnta aird ar leith a thabhairt ar fhorálacha sin na Cairte nach gcinntear a mbrí ná a raon feidhme le forálacha comhfhreagracha CECD, d'fhonn an Chairt a chur i bhfeidhm go héifeachtach.[4]

---

[1] 15506/15, féach míreanna 12 agus 25.

[2] 5377/15.

[3] Airteagal 51(1) den Chairt.
Féach freisin Prótacal 30 maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm sa Pholainn agus sa Ríocht Aontaithe.
Féach freisin Prótacal 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

[4] I gcomhréir leis na mínithe maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, 2007/C303/02.

7. Agus aird á tabhairt ar fhreagrachtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát faoi seach maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil dea-chleachtas á roinnt idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais d'fhonn feabhas a chur ar fhoghlaim fhrithpháirteach agus ar chomthuiscint maidir le raon feidhme oibleagáidí na mBallstát i dtaca leis sin. Aithníonn an Chomhairle freisin an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus uirlisí a fhorbairt, amhail seicliosta le haghaidh treoir náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na Cairte nó oiliúint spriocdhírithe lena gcinntear infheidhmeacht na Cairte i nósanna imeachta reachtacha agus beartais náisiúnta faoi chreat níos leithe maidir le cearta an duine a chosaint.

8. Tugann an Chomhairle spreagadh do na Ballstáit dea-chleachtais agus uirlisí comhchoiteanna maidir le hardú na feasachta ar an gCairt agus cleachtais díonta a mhalartú agus a mhapáil, mar shampla trí oiliúint státseirbhíseach a éascú chun cur leis an saineolas ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí chúnamh ón gCoimisiún agus ón nGníomhaireacht. I ndáil leis sin, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le scéimeanna maoinithe atá tiomanta don oiliúint maidir leis an gCairt agus atá faoi bhainistíocht an Choimisiúin, agus an tábhacht a bhaineann leis na huirlisí atá ann cheana agus cleachtais eile a dhéanamh níos infheicthe agus níos inrochtana tríd an bpointe rochtana lárnach ar líne. Tugann an Chomhairle spreagadh don Ghníomhaireacht freisin maidir le sraitheanna straitéisí praiticiúla amhail an Charterpedia a choinneáil agus a fhorbairt tuilleadh, cúrsaí ábhartha oiliúna a fhorbairt do chleachtóirí dlí agus modúil agus ceardlanna d'oiliúnóirí a fhorbairt, agus leanúint den chleachtas atá aici caibidil shonrach a chur san áireamh ina Tuarascáil Maidir le Cearta Bunúsacha 2016 maidir le cur i bhfeidhm na Cairte.

9. Iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht lámhleabhar a dhréachtú do chleachtóirí agus do dhaoine nach speisialtóirí iad lena ndéanfar cleachtais thréitheacha maidir le cur i bhfeidhm intíre na Cairte a mhapáil i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(c) de Rialachán 168/2007 lena gcuirtear acmhainní eile infheidhme le haghaidh cearta bunúsacha san áireamh.

III. SAINCHEISTEANNA EILE

Neamh-idirdhealú, ciníochas agus seineafóibe

10. Is ábhar mór imní don Chomhairle an méadú atá ag teacht ar chaint chiníoch agus sheineafóibach agus ar líon na dteagmhas ciníoch agus seineafóbach ar fud an Aontais Eorpaigh.

11. Meabhraíonn an Chomhairle gur ráthaíochtaí tábhachtacha iad i gcoinne mhéadú an chiníochais, na seineafóibe agus na gcineálacha uile éadulaingthe in ár sochaithe éagsúla an chaoinfhulaingt chuimsitheach, an comhtháthú agus luachanna comhroinnte a chur chun cinn in éineacht le feasacht a mhúscailt i leith cearta bunúsacha gach n-aoin.

12. Meabhraíonn an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfuathchoireacht a chomhrac san Aontas Eorpach lenar iarradh ar ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe ar an nGníomhaireacht, malartú dea-chleachtas a éascú agus cabhrú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun modhanna éifeachtacha a fhorbairt chun tuairisciú a spreagadh agus chun a áirithiú go ndéanfar fuathchoireacht a thaifeadadh mar is ceart.[5]

13. Meabhraíonn an Chomhairle an t-idirphlé a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollaig 2015 agus i mí na Bealtaine 2016 freisin,[6] lena leagtar amach gníomhaíochtaí agus tuarascálacha maidir le forbairtí breise a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na fuathchainte, na fuathchoireachta agus na seineafóibe.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad collóiciam de chuid an Choimisiúin maidir le cearta bunúsacha lenar díríodh ar an bhfuath frith-Sheimíteach agus ar an bhfuath frith-Mhoslamach a chomhrac agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé conclúidí an chollóiciam a chur chun feidhme go comhpháirteach.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá déanta ag Meitheal na Gníomhaireachta maidir le feabhas a chur ar an bhfuathchoireacht a thuairisciú agus a thaifeadadh san Aontas, go háirithe maidir le cleachtais thréitheacha na mBallstát a bhailiú a bhaineann leis an tuairisciú easnamhach a chomhrac agus le feabhas a chur ar an bhfuathchoireacht a thaifeadadh, agus taighde atá déanta ag an nGníomhaireacht amhail an foilseachán is déanaí dar teideal 'Ceartas d'íospartaigh na fuathchoireachta a áirithiú: léargais phroifisiúnta.'

---

5 http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/jha/139949.pdf

6 14937/15 agus 8839/16.

16. Is díol sásaimh don Chomhairle coimre na ndea-chleachtas chun fuathchoireacht a thuairisciú agus a thaifeadadh a seoladh ag an gceathrú cruinniú a bhí ag an Meitheal maidir le Feabhas a chur ar an Tuairisciú agus ar an Taifeadadh a dhéantar ar an bhFuathchoireacht san Aontas ar an 28-29 Aibreán 2016 a d'eagraigh Uachtaránacht na hÍsiltíre agus iarrann sí ar na Ballstáit leas a bhaint as eolas agus as taithí maidir leis na dea-chleachtas sin agus iad ag cur feabhas a chur ar a gcuid iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir leis an tuairisciú easnamhach agus chun feabhas a chur ar fhuathchoireacht a thaifeadadh.

17. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí i ndáil le fuathchoireachtaí a chomhrac, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar Cinneadh Réime 2008/913/CGB agus aon dlí ábhartha eile maidir leis an bhfuathchoireacht a thrasuí go héifeachtúil ar an leibhéal náisiúnta, agus modhanna éifeachtacha a fhorbairt chun tuairisciú a spreagadh agus chun a áirithiú go ndéanfar fuathchoireachtaí a thaifeadadh mar is ceart.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle an tionscnamh ón gCoimisiún Grúpa Ardleibhéil nua a chruthú maidir le ciníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac d'fhonn cur leis an dlús polaitiúil chun go gcuirfidh an tAontas agus na Ballstáit i gcoinne an fhuatha agus na héadulaingthe agus chun saineolas an Choimisiúin a chomhthiomsú le saineolas na Gníomhaireachta agus eagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta.

19. Is díol mór sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Grúpa Ardleibhéil nua ag plé le saincheisteanna cothrománacha atá coiteann don chomhrac i gcoinne na fuathchainte agus na fuathchoireachta; lena bhféachtar le cleachtais agus uirlisí nithiúla a fhorbairt agus lena gcuirfear leis an gcumas chun feabhas a chur ar fhreaghairtí don chiníochas, don tseineafóibe agus do chineálacha eile éadulaingthe sna Ballstáit. Cuideoidh sé sin le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le claontacht spreagthach a thabhairt chun solais níos fearr; lena n-áirithítear imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach, lena n-áirithítear pianbhreitheanna iomchuí, lena gcosnaítear iospartaigh agus lena neartaítear a muinín sna húdaráis, lena staonfaidh fórsaí póilíneachta na mBallstát ó phróifíliú ciníoch, eithneach nó d'aon chineál claontachta eile.

20. Is díol sásaimh don Chomhairle an gealltanas a thug an Ghníomhaireacht leanúint den obair a rinne an Mheitheal maidir le Feabhas a chur ar an Tuairisciú agus ar an Taifeadadh a dhéantar ar an bhFuathchoireacht san Aontas Eorpach mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfuathchoireacht san Aontas Eorpach a chomrac trí chomhordú a dhéanamh, i gcomhthéacs an Ghrúpa Ardleibhéil, ar fhoghrúpa toradh-dhírithe a oibreoidh chun modheolaíocht choiteann a fhorbairt i ndáil le sonraí a bhailiú agus fuathchoireachtaí a thaifeadadh, ós rud é go gcuirfidh dul chun cinn sa réimse sin go mór le gníomhaíocht beartais na mBallstát agus an Aontais maidir leis an bhfuathchoireacht a chomhrac.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun fuathchaint ar líne a chosc agus a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an t-idirphlé le cuideachtaí TF, go háirithe an cód iompair a dreachtaíodh in éineacht le cuideachtaí TF chun aghaidh a thabhairt ar fhuathchaint ar líne.

Comhleanúnachas idir ceapadh inmheánach agus seachtrach beartais

22. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an tábhacht a bhaineann le comhleanúnachas idir na gnéithe inmheánacha agus seachtracha de chosaint agus de chur chun cinn ceart bunúsach.

23. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an gá atá le soiléire agus le comhthuiscint ar a bhfuil i gceist le neamhleanúnachas i gcomhthéacs ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach an Aontais agus an tionchar atá aige sin ar bheartas inmheánach agus seachtrach an Aontais maidir le cearta bunúsacha.

24. Tacaíonn an Chomhairle le tagairt don chomleanúnachas inmheánach seachtrach a chur isteach sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún ar chur i bhfeidhm na Cairte agus sa tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais ar Chearta an Duine agus ar an Daonlathas (2015-2019) agus iarrann sí ar an Meitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP) agus ar an Meitheal um Chearta an Duine (COHOM) leanúint den idirphlé ar na hidirnaisc idir na sraitheanna beartais faoi seach. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí chun cur le rannpháirtíocht FREMP maidir le doiciméid "Línte le Tógáil" (LLT) a fhorbairt ina gcuirtear síos ar staid inmheánach chearta an duine san Aontas agus na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na doiciméid inúsáide mar uirlisí san idirphlé polaitiúil agus san idirplé maidir le cearta an duine agus i bhfóraim eile.

25. Tá an Chomhairle tiomanta do leanúint d'idirphlé rialta idir FREMP agus COHOM, mar a bhí ann go deireanach ar an 8 Márta 2016, maidir le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais ar chearta an duine, faoi chuimsiú a réimsí inniúlachta faoi seach, agus ar shaincheisteanna sonracha téamacha, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme.

An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha

26. Meabhraíonn an Chomhairle ról na Gníomhaireachta maidir le taighde agus maidir le sonraí a bhailiú ar fud an Aontais agus a mhéid a chuireann sí le hobair reachtach agus beartais atá bunaithe ar fhianaise a áirithiú in institiúidí an Aontais agus sna Ballstáit. Meabhraíonn an Chomhairle go bhféadfaidh sí tuairim na Gníomhaireachta a iarraidh i ndáil le hábhair shonracha théamacha faoi chuimsiú a sainchúraim nó i ndáil le seasaimh a ghlacann an Chomhairle le linn nósanna imeachta reachtacha.